

## Foilsíú Cinneadh agus Smachtbhanna i ndiaidh Fiosrúcháin a tharla faoi Chuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 – 2015:

Tharla fiosrúchán os comhair Painéil den Choiste Smachta maidir le múinteoir cláraithe an 01 Aibreán 2022 agus an 12 Lúnasa 2022. Rinneadh an fiosrúchán go poiblí ach rinneadh ainm an mhúinteora agus aon fhorais oideachais ghaolmhara gan ainm.

Cruthaíodh na líomhaintí seo a leanas:

### Gur chruthaigh an múinteoir go calaoiseach,

1. Sula gcuirtear isteach an fhoirm dá dtagraítear i líomhain a 2 thíos;
  - a. litir dar dáta an 26 Meitheamh 2020, a airbheartaíonn a bheith ón nGníomhaireacht um Rialáil Teagaisc ag dearbhú go raibh a stádas ionduchtaithe "Críochnaithe";
  - b. Teastas Ionduchtúcháin a airbheartaíonn a bheith ón Roinn Oideachais ag dearbhú gur éirigh leis an ionduchtú a chríochnú ar 23 Meitheamh 2020;
2. Chuir sé foirm de chuid na Comhairle Múinteoireachta faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta (Foirm: PPQA-01) leis an teideal *Iarratas ar Chlárú agus Measúnú Cáilíochtaí* dar dáta 09 Iúil 2020 agus fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta é an 10 Iúil 2020 nó timpeall air, agus tríd an méid sin a dhéanamh;
  - a. chuir sé an litir a cruthaíodh go calaoiseach ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta dar dáta an 26 Meitheamh 2020, a airbheartaíonn a bheith ón nGníomhaireacht um Rialáil Múinteoireachta i Sasana agus ag dearbhú go raibh a stádas ionduchtaithe "Críochnaithe" dá dtagraítear i líomhain 1a thuas, nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é;
  - b. chuir sé an litir a cruthaíodh go calaoiseach ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta an Teastas Ionduchtaithe, a airbheartaíonn a bheith ón Roinn Oideachas agus ag dearbhú gur éirigh leis an ionduchtú a chríochnú an 23 Meitheamh 2020, mar a thagraítear dó i líomhain 1b thuas, nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é;
  - c. chomhlánaigh sé Cuid B den fhoirm go bréagach cuid den fhoirm atá le comhlánú ag príomhoide na scoile(eanna) dá dtagraíonn an t-iarratasóir i gCuid A den fhoirm, agus/nó trí sin a dhéanamh greamaigh sé stampa den chuid seo den fhoirm, nó chuir sé íomhá de cad is cosúil gur stampa é ar an gcuid seo den fhoirm, a airbheartaíonn gur ón scoil ina raibh sé ag obair roimhe sin ("an scoil") é;
  - d. chomhlánaigh sé go bréagach cuid den fhoirm, an chuid dheimhnithe den fhoirm, trí airbheartú a bheith ina phríomhoide sa scoil, rinne sé na rudaí sin mar a leanas:
    - i. bhrionnaigh sé síniú do phríomhoide na scoile; agus/nó
    - ii. chuir sé cláruimhir agus ainm scoile na scoile isteach; agus/nó
    - iii. greamaigh sé stampa den chuid seo den fhoirm, nó chuir sé íomhá de cad is cosúil gur stampa é ar an gcuid seo den fhoirm, a airbheartaíonn gur ón scoil é; agus/nó

- e. dhearbhaigh sé go bréagach go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil i ngach cuid den iarratas fíor agus cruinn, nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é;
3. An 11 Lúnasa 2020 nó timpeall air, sheol sé ríomhphost chuig an gComhairle Mhúinteoireachta á éileamh go raibh Deimhniú Ionduchtúcháin faighte aige tar éis dul i dteagmháil leis an "*An Ghníomhaireacht um Rialáil Múinteoirí*" agus na "*hÚdaráis Áitiúla Oideachais*", nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é;
4. An 21 Lúnasa 2020 nó timpeall air, sheol sé ríomhphost chuig an gComhairle Mhúinteoireachta á éileamh go raibh Deimhniú Ionduchtúcháin faighte aige ón "*Ghníomhaireacht um Rialáil Múinteoirí*" nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é;
5. An 3 Meán Fómhair 2020 nó timpeall air, sheol sé ríomhphost chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag maíomh go ndeachaigh sé salach ar camscéim ó oifigeach agus gur chreid sé gur ón nGníomhaireacht um Rialáil Múinteoireachta an t-oifigeach, nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é agus/nó a bhí chun ceann amháin nó níos mó dá ghníomhartha dá dtagraítear i líomhaintí 1-4 thuas a fholú agus/nó a cheilt;
6. An 3 Meán Fómhair 2020 nó timpeall air, sheol sé ríomhphost chuig an nGníomhaireacht um Rialáil Múinteoireachta i Sasana ag maíomh go bhféadfadh sé gur rinne scéiméireacht air, de réir dealraimh ón roinn "QTS" den Ghníomhaireacht um Rialáil Múinteoireachta, nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é;
7. An 8 Meán Fómhair 2020 nó timpeall air, sheol sé ríomhphost chuig an Ombudsman, a cóipeáladh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, ag áitiú go bhféadfadh calaois a bheith déanta air ar an modh dá dtagraítear i líomhaintí 1-4 thuas, nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é;
8. An 12 Meán Fómhair 2020 nó timpeall air, sheol sé ríomhphost chuig an nGníomhaireacht um Rialáil Múinteoireachta ag maíomh go bhféadfadh duine a d'ionadaigh é féin a bheith ina chomhalta den Ghníomhaireacht um Rialáil Múinteoireachta calaois a dhéanamh air, nuair a bhí a fhios aige nárbh amhlaidh an scéal é.

Chinn an Painéal gurbh ionann gach ceann de na líomhaintí seo a glacadh ina n-aonar agus/nó i dteannta a chéile agus/nó go carnach agus mí-iompar gairmiúil. Chinn an Painéal gurbh ionann gach ceann de na líomhaintí seo a glacadh ina n-aonar, go carnach nó i dteannta a chéile agus iompar a bhí contrártha le mír 3.1 den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Uasdátaithe an 2<sup>ú</sup> Eagrán 2016 ("an Cód"). Chinn an Painéal freisin gurbh ionann líomhaintí 2 go 4 a glacadh ina n-aonar, go carnach nó i dteannta a chéile agus iompar a bhí contrártha le mír 2.3 den Chód.

Tar éis an Fiosrúcháin, chinn Painéal an Choiste Smachta ainm an mhúinteora chláraithe a bhaint de chlár na múinteoirí agus chinn siad nach mbeadh an múinteoir cláraithe i dteideal iarratas a dhéanamh chun é athchóirigh ar an gclár, faoi Alt 31 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015, roimh dheireadh tréimhse trí bliana.

Dheimhnigh an Ard-Chúirt cinneadh Phainéal an Choiste Smachta an 3 Deireadh Fómhair 2022 agus tháinig an smachtbhanna i bhfeidhm ar an dáta sin.